IMLITIR 0018/2011

DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS
An Roinn Oideachais Agus Scileanna

NDP
NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Chuig: Údaráis Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna

SCÉIM UM OIBREACHA ÉIGEANDÁLA

Sceim na nDeontas Caipiltil do na hOibreacha Éigeandála

An tAonad um Phleanáil agus Tógáil Scoileanna,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Bóthar Portlaoise ,
An Tulach Mhór,
Co. Uíbh Fhaillí

057 9324300

Faisnéisd Thábhachtach
Baineann ceithre chuid leis an Imlitir seo:

Cuid 1 **Réamhrá**

Cuid 2 Téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis na hiarratais ar chistiú le haghaidh na **Scéime um Oibreacha Éigeandála**

Cuid 3 Aguisíní

Cuid 1

Réamhrá

Is é an príomhaidhm atá leis an Scéim um Oibreacha Éigeandála ná chun a dheimhniú go mbeadh cistiú ar fáil do na hoibreacha éigeandála le haghaidh na scoileanna sin a mbeidh an riachtanas is mó uathu le haghaidh acmhainní de thoradh staid éigeandála nó de thoradh iarratais ar chlárú ó dhalta um riachtanais speisialta,

Is é is ábhar éigeandála ann ná ceann a chuireann i mbaol, ar an toirt, sláinte, beatha, sealúchas nó imshaol. Tarlaíonn sé go tobann gan súil leis agus caithfear déileáil leis ar an toirt. Mura ndéanfar é a cheartú i gcás scoile, chuirfeadh sé cosc le oscailt na scoile, nó cuid di

Na bunscoileanna agus na hiarbhunscoileanna a mbeidh oibreacha éigeandála ag teastáil uathu, ní mór dóibh iarratas faoin scéim seo a chur i láthair tríd an Fhoirm Iarratais um Oibreacha Éigeandála a chomhlánú go hiomlán.

Is é aidhm na scéime seo déileáil le éigeandálaí nach mbeadh súil leo agus cistiú a sholáthar le haghaidh chuimsiú agus rochtain i gcás daltaí um riachtanais speisialta agus le haghaidh a leithéid sin amháin. Nil sé i gceist go ndéanfar an scéim seo a fheidhmiú chun iarratais cheana faoi scéimeanna eile a fhorlíonadh sa chás nár éirigh leo cistiú a bhaint amach. Caithfear gach faisnéis ábhartha agus thacaíochta, maidir leis an iarratas ar Oibreacha Éigeandála, a sholáthar chun d'éileamh ar chabhairdheontas éigeandála a thacú. Déanfar déileáil le gach iarratas ar bhonn aonair.

Ins na cúinsí uile, ar mhiste an Imlitir seo a léamh go cúramach roimh fhoirm iarratais a chomhlánú.

Cuid 2

Téarmaí agus Coinníollacha a Bhaineann le hIarratais ar an Scéim um Oibreacha Éigeandála

1. Na scoileanna a bhaineann leis an Scéim

Baineann an Scéim leis na bunscoileanna agus na hiarbhunscoileanna sin go bhfuil buanaitheanta bainte amach acu agus go bhfuil ag feidhmiú i gcóiríocht *nach bhfuil ar cíos.*

2.Iarratas ar Oibreacha Éigeandála a chur i láthair

Caithfidh scoileanna an Fhoirm Iarratais um Oibreacha Éigeandála a chomhlánú más mian leo iarratas a chur i láthair. Baineann 4 Mhír leis an bhFoirm seo:

Mír 1: Faisnéis thábachtach maidir leis an Scéim mar aon le Comhlánú na foirme iarratais agus í a athchasadh ar ais.

Mír 2: Le comhlánú ag an údarás scoile

.

Mír 3: Le comhlánú ag Comhairleoir cáilithe cuí

Mír 4: Le síniú ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta nó ag an POF (más cuí).

N.B. – Gnéithe sainordaitheacha

- **Is sainordaitheach é fianaise ghrianghrafach maidir leis an réigiún i gceist agus caithfear í a chuimsiú i dtuarascáil an Chomhairleora.**

- **Maidir leis na Tionscadail a bhaineann le cuimsiú agus rochtain a éascú le haghaidh daltaí a mbeidh riachtanais speisialta uathu, is sainordaitheach é, freisin, cáipéisiú tacaíochta, mar ar breacrianadh in Aguisín B, bheith faoi iamh.**

3. Na hoibreacha a bhaineann leis an Scéim

Tá an Scéim ann chun chistiú a sholáthar i gcás éigeandálaí nach mbeadh súil leo agus, freisin, go mbeadh ar an scoil, nó ar chuid di, dúnadh mura ndéanfar déileáil léi agus chuige siúd amháin. Glacfar le hiarratais faoin scéim seo, freisin, ó scoileanna a iarrann cistiú chun áiseanna a sholáthar chun críche bheith in ann leo daltaí um riachtanais speisialta a chlárú.

Ar na hoibreacha **nach gcuimsíonn** an Scéim, áirítear:

- Tionscadail ina bhfuil baill a tógadh le déanaí (i.e. an lorg coise a fhorleathnú san fhoirgneamh ann, gan áiseanna leithris i gcás daltaí um riachtanais speisialta san áireamh)

- Cóiríocht sa bhreis a sholáthar

- Tionscadail a rinneadh a chistiú faoi Scéim um Oibreacha Samhraidh nó faoi scéimeanna eile.

- Tionscadail ba chóir déileáil a bheith déanta leo cheana mar chuid de chlár oiriúnah a bhain le cothabháil leantach ar an bhfoirgneamh scoile.

4. Próiseas an Iarratais le haghaidh Oibreacha Éigeandála

Ní bheifear ag súil go mbeadh líon éigeandálaí sa scoil i mbliain ar bith.

Ba chóir do scoileanna a dheimhniú gur fíor-riachtanach iad na hoibreacha go bhfuil cistiú á lorg acu ina leith faoin Scéim um Oibreacha Éigeandála a mbeidh dúnadh na scoile, nó cuid di mar thoradh ar neamhsholáthar an chistithe.

I gcásanna go ndéanfar costais a athghabháil ó chomhlacht árachais, ní mór don scoil aontú a leithéid de chostas a chúiteamh don Roinn.

5.Próiseas na measúnachta le haghaidh oibreacha um bheagscála

Déanfar na hiarratais a mheas ar bhonn na faisnéise sna codanna ábhartha den fhoirm iarratais agus san áireamh, fianaise shainordaithe ghrianghrafach de na réigiúin i gceist mar aon leis an gcáipéisiú tacaíochta a iarrtar in Aguisín B san Imlitir seo, más cui.

Beidh 4 chéim i bpróiseas na measúnachta

- Bailíochtú an iarratais

- Cinneadh faoi cé acu an bhfuil na hoibreacha fíor-riachtanach nó go bhféadfaí déileáil leo trí bhíthin gnáthchothabhála

- An t-iarratas a fhaomhadh nó a dhiúltú

- An cistiú a dháileadh ar thionscadail fhaofa.

Ní dhéanfar achomhairc a mheas ach amháin sa chás go ndéanfaidh an tÚadarás Scoile faisnéis ábhartha sa bhreis a sholáthar.

6. Iarratais ar oibreacha um bheagscála a bhailíochtú

Pas nó teip, amháin, an toradh a bheidh ar an teastáil. Na hiarratais sin a roghnaítear mar bhailí, rachaidh siad ar aghaidh don chéim um chinneadh riachtanais.

Caithfidh tú bheith in ann "TÁ" a fhreagairt ar **gach** ceann de na ceisteanna a leanas chun go nglacfar leis an iarratas mar bhailí.

	Tá	Níl
An bhfuil an tionscadal laistigh de scóip na Scéime um Oibreacha Éigeandála? (Is é is ábhar éigeandála ann ná ceann a chuireann i mbaol, ar an toirt, sláinte, beatha, sealúchas nó imshaol. Tarlaíonn sé go tobann gan súil leis agus caithfear déileáil leis ar an toirt. Mura ndéanfar é a cheartú i gcás scoile, chuirfeadh sé cosc le oscailt na scoile, nó cuid di).		
Is féidir go mbeadh ar an scoil, nó cuid di, dúnadh nó go mbeadh uirthi dúnadh sa gharthodhchaí má theiptear ar oibreacha éigeandála a chur i gcrích. (Ní bhaineann a leithéid i gcás na n-iarratas chun áiseanna a sholáthar do dhaltaí um riachtanais speisialta)		
An cabhairdheontas a iarrfar, is é an t-íosmhéid a bheidh ag teastáil chun an fhadhb láithreach a réiteach. (i.e. an píopa briste a dheisiú, an coire a athlonnú nó an díon damáistithe a dheisiú)		
An cistiú a iarrfar, ní bhainfear feidhm as chun cur leis an deaontas atá ceadaithe cheana féin faoi Scéim eile de chuid na Roinne.		
An bhfuil na cáilíochtaí cuí ag an gComhairleoir nó an bhfuil árachas cuí bainte amach aige/aice don tionscadal ar leith? (féach Aguisín A den Imlitir 0018/2011)		
Maidir leis na hiarratais chun déileáil le cuimsiú agus rochtain do dhaltaí um riachtanais speisialta, ar rinneadh an cáipéisiú tacaíochta, mar ar breacrianadh in Aguisín B den Imlitir 0018/2011 a ghreamú don iarratas?		
Ar rinneadh tuarascáil an Chomhairleora a chomhlánú go hiomlán agus go beacht chun na mionsonraí a chuimsiú maidir leis na hoibreacha is lú a bheadh ag teastáil chun an fhadhb láithreach a réiteach?		
An bhfuil an fhianaise ghrianghrafach shainordaitheach greamaithe ag an gComhairleoir?		
An bhfuil an t-iarratas sínithe ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta nó ag an POF (mar is cuí)?		

7. Socrú ar cinneadh maidir leis an gá a baineann le oibreacha Éigeandála

Beidh an cinneadh seo bunaithe ar an bhfianaise a sholáthrófar i dtuarascáil an Chomhairleora, ar an bhfianaise shainordaithe ghrianghrafach agus ar an gcáipéisiú tacaíochta atá ag teastáil faoi Aguisín B – maidir le tionscadail chun cuimsiú agus rochtain daltaí um riachtanais speisialta a éascú. Ina leith sin, tá sé tábhachtach go dtaispeánfadh a leithéid de thuarascáil an Chomhairleora an fiorghá atá leis an tionscadal.

Beidh comhaontú ag teastáil ag an Roinn ón údarás scoile ag mír 4 den fhoirm iarratais go bhféadfadh an Roinn nó a cuid gníomhaireachtaí an tionscadal a mheas agus go mbeadh rochtain aice nó ag a cuid gníomhaireachtaí ar na háitribh agus na croinicí, mar is gá, chuige sin.

Ina theannta sin, tabharfaidh foireann na Roinne cuairt ar roinnt scoileanna chun cros-seiceáil a dhéanamh ar na hiarratais chun críche an riachtanas a chinneadh.

8. Oibreacha um bheagscála a cheadú nó a dhiúltú

Ní dhéanfar iarratais neamhbhalaí a fhaomhadh.

Déanfar iarratas bailíochtaithe a fhaomhadh má :

- thaispeánann an t-iarratas go soiléir go bhfuil na hoibreacha fíor-riachtanach agus go mbeadh ar an scoil, nó cuid di, dúnadh nó nach bhféadfadh dalta um riachtanas speisialta clárú sa scoil mura gcuirfear na hoibreacha i gcrích.

- nach féidir nó nach bhféadfadh déileáil leis na hoibreacha i gceist trí bhíthin gnáthchothabhála.

9. Clárú ar Láithreán Gréasáin Fuinnimh na Roinne

Beidh ar scoileanna rathúla clárú ar láithreán gréasáin fuinnimh na Roinne, www.energyeducation.ie (mura bhfuil a leithéid déanta cheana féin) agus sonraí fuinnim a chur i láthair le haghaidh blianta sa todhchaí via an próiseas Léirithe um Dhearbhú Fuinnimh (*DEC*).

10. Ceisteanna teicniúla a bhaineann leis na hiarratais ar oibreacha um bheagscála

Baineann Mír 3 den iarratas le ceisteanna teicniúla.

Ní mór a leithéid a chomhlánú ag Comhairleoir go bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha mar aon le leor dóthain **Árachais um Shlánaíocht Ghairmiúil agus Árachas um Dhliteanas Fostóra** bainte amach aige/aice. In éagmais a leithéide, beidh an t-iarratas neamhbhailí. **Tá sé tábhachtach go mbeidh na cáilíochtaí cuí bainte amach ag an gComhairleoir le haghaidh na hoibreacha i gceist mar is é an toradh a bheidh ar Chomhairleoir a fheidhmiú gan na cáilíochtaí cuí aige/aice ná go mbeidh an t-iarratas neamhbhailí, freisin.** Ba chóir do scoileanna cóipeanna a choinneáil de na hárachais agus na cáilíochtaí sin.

Beidh an t-údarás scoile freagrach as an gComhairleoir a cheapadh agus caithfidh an t-údarás íoc as pé táilli a bheidh i gceist. Déanfar ranníocaíocht réasúnta a dháileadh ar son na dtáillí a gearradh agus déanfar a leithéid a chur **san áireamh** i méid an deontais ina iomláine do na **hiarratasóirí rathúla.**

Agus Mír 3 den fhoirm iarratais á comhlánú, ní cóir gealltanas ar bith a thabhairt don Chomhairleoir taobh amuigh den obair i gceist.

Treoir maidir leis na nósanna imeachta i gcás na tairisceana le haghaidh chomhairleoir a cheapadh chun críche comhlánú na dtionscadal rathúil a mhaoirsiú, déanfar í a eisiúint chuig scoileanna a mbeidh a gcuid iarratas faofa.

Caithfidh tuarascáil an Chomhairleora déanamh go hiomlán de réir Cáipéisí um Threoir Theicniúil na Roinne maidir le cruth agus ábhar (féach láithreán gréasáin na Roinne). **Caithfear** fianaise ghrianghrafach, freisin, a ghreamú léi.

Tá tuarascáil Chomhairleora riachtanach:

- Chun fáthmheas ghairmiúil a fháil ar chineál iomlán agus forleathnú an tionscadail atá bheartaithe.
- Chun an dearbhriachtanas le haghaidh an tionscadail a fhíorú i gcomparáid leis an imbhualadh de thoradh gan é a dhéanamh.
- Chun raon de réiteachaí um éifeachtúlacht costais a sholáthar.
- Chun tosaíocht na dtionscadal a chur i bhfeidhm ar bhonn faisnéise oibiachtúla ghairmiúla.

Ar mhiste féachaint ar Aguisín A den Imlitir seo chun treoir a fháil ar cheapadh Comhairleora.

11. Croinicí an tionscadail mar aon le iniúchtaí agus cigireachtaí a choinneáil

- Caithfear na croinicí uile a bhaineann le tionscadal, a bhfuil cistiú faofa ina leith, a coinneáil ar feadh 7 mbliana.
- Glacann an Roinn mar cheart di féin iniúchadh nó cigireacht a dhéanamh ar na croinicí sin agus ar na hoibreacha a rinneadh. Ina leith sin, déanfar céatadán de thionscadail a roghnú le haghaidh mioniniúchta agus mionchigireacha.
- **Glacann an Roinn mar cheart di féin gan cabhairdheontas a íoc i gcás iarratais ina mbeidh faisnéis bhréagach ann nó nach mbeadh riaradh an tionscadail de réir treoirlínte na Roinne.**

12. Mionsonraí an deontaiss

Déantar mionsonraí an deontais mar aon leis na coinníollacha chun an deontas a tharraingt anuas a léiriú in Aguisín C.

13.Ranníocaíocht áitiúil

Ní iarrfar ranníocaíocht áitiúil ó iarratasóirí rathúla faoin Scéim um Oibreacha Éigeandála.

14.Scoileanna a Ghearrann Táillí

I láthair dúnghaoise reatha an Rialtais, beidh iarbhunscoileanna, a ghearrann táilllí, intofa don chabhairdheontas faoin ráta 50%. Maidir leis na scoileanna sin a dhéanfaidh freastal ar chomhphobal mionlach ar leith, cuirfear eisceachtaí i bhfeidhm iontu agus beidh a leithéid de scoileanna intofa don chabhairdheontas faoin ráta 100% de na hoibreacha a dhéanfar a fhaomhadh ag an Roinn.

15.An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Na daoine sin a chuireann síniú ar fhoirm iarratais, meabhraítear dóibh go mb'fhéidir go mbeadh ar an Roinn, faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003, faisnéis ar bith ar an iarratas a sceitheadh.

Maria Grogan
An tAonad Pleanála agus Tógála Scoileanna
Márta 2011

Cuid 3

Aguisíní

Aguisín A

Comhairle Ghairmiúil a Chur in Áirithe chun Tuarascáil Theicniúil a ullmhú don Iarratas um Oibreacha Éigeandála

Tábhachtach

Caithfidh an scoil íoc go hiomlán, as a cuid acmhainní féin, an costas a bhainfidh le comhairle ghairmiúil a chur in áirithe chun tuarascáil theicniúil a ullmhú. Má theiptear ar Chomhairleoir a cheapadh a bheidh cáilithe sa riailbhéas cuí nó má theiptear ar Chomhairleoir a cheapadh gan Árachais um Shlánaíocht Ghairmiúil & Árachas um Dhliteanas Fostóra bainte amach aige/aice agus iad leor dóthain, is é an toradh a bheidh ar a leithéid ná iarratas neamhbhailí.

Roimh Chomhairleoir a cheapdh:

- Déan tagairt do Cháipeis na Roinne um Threoir Theicniúil *TGD 008* – Comhairleoirí a Cheapadh do Thionscadail um Dheontais Thiomnaithe – An Dara Eagrán, Leasú 1, Aibreán 2010. Tá fáil ar an gcáipéis seo ar láithreán gréasáin na Roinne www. education.ie.

- De bhrí go bhfuil an dualgas ar an údarás scoile a dheimhniú go gcuirfear an leibhéal agus an raon cuí seirbhíse ar fáil, caithfidh sé a bheith cinnte go bhfuil an Comhairleoir sa riailbhéas **cuí** do na hoibreacha i gceist. Má bhaineann an tionscadal a bheag nó a mhór le hoibreacha tógála, mar athchóiriu nó oibreacha deisiúcháin, bheadh sé cuí Suirbhéir Tógála nó Ailtíre a cheapadh. Má bhaineann an tionscadal le draenáil nó le bainistíocht tráchta nó le hoibreacha seachtracha go ginearálta nó le deisiúcháin struchtúracha, ba chóir Innealltóir Struchtúrach Sibhialta a cheapadh. Má bhaineann an tionscadal a bheag nó a mhór le Seirbhísí Tógála i.e. oibreacha leictreacha / meicniúla, ba chóir Innealltóir Comhairleach um Sheirbhísí Tógála a cheapadh.

- Seo thíos roinnt samplaí de cháilíochatá **nach nglacfar** leo chun críche thuarascáil an Chomhairleora:

  Dioplóma i Staidéar Foirgníochta, Cúntóir Ailtíreachta, Innealltóir Talmhaíochta, Conraitheoir Tógála, B. Sc. (Imshaol), Measúnóir, Leictreoir, Pluiméir, Conraitheoir Fuinneoige, Ailtire OPW (mura ndéantar a fhíorú leis an iarratas go ndéanfar an tuarascáil a chur i gcrích faoi dhíriú an *OPW* agus é ag feidhmiú faoi threoracha na Roinne Oideachais agus Scileanna)

  Níl an liosta sin uileghabálach. Má bhíonn tú in amhras **ar bith** faoi oiriúnacht Comhairleora beartaithe ar mhniste teagmháil a dhéanamh leis an

gCabhairlíne. Ní bheidh dul thar bhreith na Roinne maidir le cé acu an bhfuil an Comhairleoir cáilithe go cuí nó nach bhfuil se/sí chun críche na Scéime.

- Beidh céim nó cáilíocht ábhartha bainte amach ag an gComhairleoir agus i ngach cás beidh sé/sí mar bhall de dhream gairmiúil (e.g. *RIAI* do Ailtirí, *IEI/ACEI* do Innealltóirí agus *SCS* do Shuirbhéirí Cainníochta nó do Shuirbhéirí um Fhoirgníocht Chairte) nó a bheith intofa do a leithéid bhallraíochta. Glacfar, freisin, le cáilíochtaí coibhéiseacha ó bhallstát eile an AE mar aon le ballraíocht de dhream ghairmiúil coibhéiseach an AE.

- A bheith sásta go bhfuil an Comhairleoir éifeachtach agus cáilithe don obair i gceist. Ba chóir <u>íoslíon</u> ceithre Chomhairleoir a shainaithint le haghaidh plé agus luachain táille agus an ceann is oiriúnaí a roghmú ar bhonn critéar oibiachtúil. Cé go bhfuil an chéad tábhacht ag baint le iomaíocht táillí agus go mba chóir é a mheá chuige sin, ba chóir na critéir a leanas a chur san áireamh, freisin – cáilíocht na hoibre cheana, inniúlacht feidhmiú i gcoinne sprioc ama agus an inniúlacht chun an obair a mheas agus chun réiteachaí a mholadh (i.e. Cuid 3 den fhoirm iarratais a chomhlánú

Comhairleoir a cheapadh chun an Tuarascáil a chur i gcrích:

(a) Ba chóir don Údarás Scoile tagairt a dhéanamh don Fhoirm Iarratais um Oibreacha Éigeandála chun scóip na tuarascála teicniúla de dhíth a mheas.

(b) Nuair a dhéanann Údarás Scoile moladh gairmiúil a cheapadh chun cabhrú le ullmhú na tuarascála, caithfidh an scoil íoc iomlán a dhéanamh ina leith as a cuid acmhainní féinigh.

(c) Nuair a dhéanann Údarás Scoile moladh gairmiúil a cheapadh chun cabhrú le ullmhú na tuarascála, ní mór don scoil an comhairleoir ábhartha a cheapadh <u>don tasc sin amháin.</u> Ní cóir don Údarás Scoile gealltanas ar bith a thabhairt maidir leis an gceapadh iomláine nó maidir leis na táillí le haghaidh na hoibre taobh amuigh d'ullmhú na tuarascála. Ba chóir a leithéid a mhíniú go soiléir don Chomhairleoir roimh an cheapadh a bheith déanta.

(d) Ba chóir go mbeadh na Cáilíochtaí cuí gairmiúla ag an gcomhairleoir mar aon le taithi cheana in ullmhú tuarascála den chineál céanna.

(e) Chun go mbeadh an tÚdarás Scoile in ann measúnacht a dhéanamh ar cé acu comhlacht ba chóir a cheapadh, moltar an fhaisnéis a leanas a éileamh ó na Comhairleoirí atá in iomaíocht don obair:

(i) Taithí i gcás tionscadal den chineál céanna agus béim a cur ar scóip na hoibre, an t-amscála agus conas mar a dhéanann an Comhairleoir a dheimhniú go mbeidh an fhaisnéis chostais fíor beacht.

(ii) Achoimre bheag ar scóip na tuarascála comhaontaithe mar aon le amscála an seachadta.

(iii) Dearbhú maidir le Cáilíochtaí gairmiúla cuí mar aon le Árachais um Shlánaíocht Ghairmiúil agus Árachas um Dhliteanas Fostóra.

(iv) CBL agus san áireamh táille chnapsuime iomlán (seirbhísí eile a cheannach isteach san áireamh nuair is gá a leithéid mar aon le caiteachas iomlán).

Is é a chiallaíonn "Ceannach isteach" ná go dtugann an comhairleoir

gairmiúil, atá ceaptha ag an scoil, gheallúint, mar chuid den táille iomlán, comhairle a fháil, nuair is gá, ó riailbhéasanna gairmiúla eile (*Suirbhéir Cainníochta, Innealltóir Struchtúrach agus Meicniúil*).

(f) De ghnáth ní gá Próiseas (Deartha) um Mhaoirseoireacht Tionscadail a fheidhmiú chun an tuarascáil a ullmhú.

(g) Agus an méid oibre riachtanach a bheidh le déanamh a mheas maidir le ullmhú na tuarascála teicniúla, ba chóir don údarás scoile scóip réadúil na hoibre a phlé leis an gCpomhairleoir. Ina theannta sin, is cuid riachtanach den tuarascáil comhairle costais bheacht ghairmiúil a fháil. Chuige sin, caithfear costas na hoibre a shainaithint go soiléir i dteannta chostas táillí pleanála a bhaineann léi mar aon le meastachán ar na táillí gairmiúla a bhain le bainistíocht um chur i gcrích na n-oibreacha ar an tuiscint go ndéanfar an tionscadal a fhaomhadh

(h) Ba chóir leibhéal na dtáillí a dhearbhú roimh an Chomhairleor a cheapadh agus ba chóir gp mbainfeadh siad le ullmhú na tuarascála sin, agus le sin amháin. Ba chóir go mbeadh an t-údarás scoile sásta gur fhrithchaitheamh fíor é an táille chomhaontaihe maidir leis an am agus na hacmhainní a bheidh ag teastáil chun an tasc a chur i gcrích.

(i) Ní bheidh conradh foirmiúil ag teastáil le haghaidh tuarascála teicniúla (mar thuas). Ba chóir go mbeadh litir shimplí cheapacháin mar achoimre ar scóip aontaithe na hoibre leor dóthain.

Ná:

- Tabhair gealltanas ar bith maidir leis an táille iomláine le haghaidh na n-oibreacha feabhsaithe agus mínigh go soiléir don Chomhairleoir go mbaineann an ceapachán le ullmhú na Tuarascála, agus le sin amháin, agus **nach dtugann sé teideal** don Chomhairleoir ar an gceapachán chun na hoibreacha a chur i gcrích má éiríonn leis an iarratas.

Aguisín B

Tionscadail chun cuimsiú agus rochtain a éascú do dhaltaí um riachtanais speisialta nó do na baill foirne

Iarrfar an fhianaise thacaíochta a leanas, mar bhreis ar an bhfaisnéis a bheidh de dhíth ar an bhfoirm Iarratais um Oibreacha Éigeandála. Bainfidh an fhianaise sin leis na hiarratais ar thionscadail chun cuimsiú agus rochtain a eascú do dhaltaí um riachtanais speisialta nó do na baill foirne.

- Dearbhú ar chineál agus ar fhairsingiú an riachtanais speisialta.

- Moltaí ar conas d'fhéadfaí an chóiríocht faoi láthair a athchóiriú chun déileáil leis an dalta nó leis mball foirne.

- I gcás dalta nó bhall foirne nach mbeidh ag freastal ar an scoil fós, fianaise go bhfuil ar intinn acu tosú ag freastal uirthi agus an dáta atá beartaithe acu don tosú sin.

Aguisín C

1. An méid a dhéanfar a fhaomhadh

Is é an deontas a bheidh iníoctha ag an Roinn (CBL agus táillí cuimsithe) ná **cé acu ba lú díobh seo a leanas**:

Méid an chabhairdheontais ceadaithe ag an Roinn sa litir uaithi a bhain leis an gceadú.

nó

An méid ba lú den tairiscint bhailíochta a bhain leis an tionscadal beartaithe móide táillí.

2. An gannchion a chistiú

Má bhíonn gannchion ar an gcistiú, is iad na roghanna a bheidh ann do na húdaráis bhainistíochta scoileanna ná:

- Scóip na n-oibreacha a laghdú chun fanacht laistigh de theorainn an deontais.
- I gcás bunscoileanna, bain feidhm as cistí a rinne an Roinn a dháileadh faoi théarmaí an Scéim Dheontais um Bheagoibreacha chun an deontas don Scéim um Oibreacha Samhraidh a fhorlíonú ar an gcoinníoll nach mbeadh a leithéid de chistí ag teastáil d'oibreacha níos práinní nó ar an toirt.
- Iarmhéid na n-oibreacha a chistiú ó acmhainní na scoile féinigh.

3. Cad a chuimsíonn an deontas

Beartaítear go gcuimseoidh an deontas costas caipitil an tionscadail mar aon leis an CBL, táilí pleanála gaolmhara, táillí uile an chomhairleora a d'éirigh as dearadh agus tógáil an tionscadail, gach táille a bhainfidh le Maoirseoir an Tionscadail i gcás an Phróiseas Deartha (*PSDP*) mar aon le gach táille a bhainfidh le Maoirseoir an Tionscadail i gcás na Céime Tógála (*PSCS*).

4. Íocaíocht an dceontais

Beidh **70%** den deontas mar chéad íocaíocht agus íocfar é nuair a chuirfear i láthair, tríd an údarás scoile, an dearbhú a leanas ón gComhairleoir:

- Go bhfuil na hoibreacha, a tugadh futhu, de réir scóip na hoibre faoi a rinneadh an deontas a fhaomhadh.

  Gur rinneadh próiseas na tairisceana a chur i gcrích de réir na dtéarmaí a breacrianadh i litir fhaofa an deontais. (Tá na mionsonraí uile, maidir leis an modh a bhaineann le dáileadh na ndeontas, ar fáil i ***Technical Guidance Document – TGD 007 Protocol for Devolved Grants,*** **(an t-eagrán is déanaí ar www.education.ie)**

- Gur chuir an t-údarás bainistíochta conradh i gcrích, le haghaidh na n-oibreacha beartaithe, leis an gconraitheoir rathúil, go bhfuil an conraitheoir ar an láthair agus go bhfuil tosú déanta aige ar na hoibreacha.

- Go bhfuil an cháilíocht agus an taithí chuí ag an gComhairleoir a ceapadh chun na hoibreacha a mhaoirsiú.

- Go bhfuil gach ceadú reachtúil, riachtanach cuí bainte amach ag an gComhairleoir e.g. cead pleanála, teastas sábháilte dóiteáin, teastas um rochtain don mhíchumas etc.

- Cuireann an Roinn, mar ghéilleadh don soláthar poiblí, an dualgas ar údaráis scoileanna an fhoirm chonartha chaighdeánach um Oibreacha Poiblí a fheidhmiú i ngach aon tionscadal tógála scoileanna. Feidhmeoidh an t-údarás scoile / na hIontaobhaithe mar "fhostóir" na gconraitheoirí ar thionscadail um Oibreacha Samhraidh i ngach cás.

- Faoin chonradh seo, tá sé mar dhualgas ar chonraithóirí rátaí tuarastail a íoc agus cloí le coinníollacha agus uaireanta saothair nach mbeadh níos lú ná mar a leagann an ChomhChomhairle Thionsclaíoch Náisiúnta don Tionsclaíocht Fhoirgneoireachta síos. Tá an conraitheoir freagrach, freisin, as a dheimhniú go leanfar le forálacha na míre seo ag na fo-chonraitheoirí.

Beidh sé riachtanach , mar sin, ag an gComhairleoir a chur in iúl don Roinn, trí údarás bainistíochta scoile, costas iomlán na tairisceana le haghaidh na n-oibreacha beartaithe, móide táillí, sula d'fhéadfaí íocaíocht ar bith a dhéanamh.

Beidh an dara agus an íocaíocht dheireanach ionann leis an bhfuílleach **30%** den deontas. Íocfar é nuair a gcuirfear i láthair ón údarás scoile:

- Cóip den dearbhú ón gComhairleoir go bhfuil an obair déanta.

- Maidir leis an ráta coinneála, mar chéatadán, a bhain leis an gconradhshuim ina iomlán, dearbhú i scríbhinn go gcoinneofar a leath de, ar a laghadh, ar feadh tréimhse 12 mhí iar gcomhlánú na n-oibreacha agus nach ndéanfar an tsuim sin a chaitheamh ar chúis ar bith eile. Is é an fáth a bhaineann lena leithéid ná chun a dheimhniú go ndéanfaidh an conraitheoir locht ar bith a dheisiú ar an bhfoirgneamh a dtarlódh sa tréimhse sin.

- Tuairim an Chomhairleora go bhfuil an fhorbairt ábhartha de réir an cheadú pleanála nó de réir díolúine ón gceannas pleanála.

- Tuairim an Chomhairleora go raibh an fhorbairt ábhartha de réir na rialacháin tógála maidir le Dearbhú um Rochtain Mhíchumais nó díolúine ón riachtanas sin, mar is cuí.

- Tuairim an Chomhairleora (na gComhairleoirí) gur rinneadh comhad sábháilte a ullmhú agus a eisiúint don údarás bainistíochta scoile.

- Dearbhú go bhfuil cóipeanna de gach líníocht ábhartha agus cáipéis faighte ag an údarás scoile ón gComhairleoir, i bhformáid leictreonach chuí, más indéanta, mar aon le dearbhú an Chomhairleora go bhfuil na hoibreacha comhlánaithe de réir a leithéid de líníochtaí agus cáipéisí.

Glacann an Roinn an ceart di féin íocaíocht a choinneáil siar maidir le gach cabhairdheontas nó cuid den chabhair sin de thoradh shárú téarmaí agus

coinníollacha na scéime seo ar bith, agus san áireamh an cás nár comhlíonadh na nósanna imeachta taisisceana le haghaidh seirbhisí an Chomhairleora nó le haghaidh na n-oibreacha de réir *TGD*007 .

DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS
An Roinn Oideachais Agus Scileanna

Iarratas ar Oibreacha Éigeandála

Le comhlánú ag iarratasóirí:

Contae	
Uimhir Rolla	
Ainm na Scoile	
Seoladh na Scoile	
Ainm teagmhála	
Uimhir theileafóin	
Seoladh rphoist	

Chuig: Údaráis Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna

FOIRM IARRATAIS AR CHABHAIRDHEONTAS CAIPITIL FAOI SCÉIM NA nOIBREACHA ÉIGEANDÁLA

Scéim na nDeontas Caipitil le haghaidh

- **Oibreacha Éigeandála**

Baineann 4 Mhír leis an bhFoirm Iarratais seo:

Mír 1: Faisnéis thábachtach maidir leis an Scéim mar aon le Comhlánú na foirme iarratais agus í a athchasadh ar ais.

Mír 2: Le comhlánú ag an údarás scoile a rinne iarratas ar thionscadal um bheagscála

.

Mír 3: Le comhlánú ag Comhairleoir cáilithe cuí chun tacaíocht a thabhairt d'iarratas ar thionscadal um bheagscála

Mír 4: Le comhlánú i ngach cás ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta nó ag an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin.

Mír 1 – Faisnéis Thábhachtach

I gcás na hImlitreach 0018/2011

Roimh an iarratas seo a chomhlánú, comhairlítear don Bhord Bainistíochta na téarmaí agus na coinníollacha, ar fáil san Imlitir 0018 2011, a léamh chomh fada is a bhaineann siad le Scéim na nOibreacha Éigeandála. Ní mór don Bhord bheith sásta amach is amach go bhfuil fíor-riachtanas ag baint leis na hoibreacha éigeandála san iarratas mar beidh ar an údarás scoile a leithéid de chostais a íoc má theipeann ar an iarratas.

N.B. – Gnéithe sainordaitheacha

- **Is sainordaitheach é fianaise ghrianghrafach maidir leis an réigiún i gceist agus caithfear í a chuimsiú i dtuarascáil an Chomhairleora.**

- **Maidir leis na Tionscadail a bhaineann le cuimsiú agus rochtain a éascú le haghaidh daltaí a mbeidh riachtanais speisialta uathu, is sainordaitheach é, freisin, cáipéisiú tacaíochta, mar ar breacrianadh in Aguisín B, bheith faoi iamh.**

An fhoirm iarratais chomhlánaithe a athchasadh mr aon leis an gcáipéisiú tacaíochta

Ba chóir na hiarratais chomhlánaithe mar aon leis an gcáipéisiú tacaíochta, más cuí, a athchasadh tríd an bpost ar an Aonad um Phleanáil agus Tógáil Scoileanna, An Roinn Oideachais agus Scileanna, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.

Mír 2 – Iarratas ar Oibreacha Éigeandála

Le comhlánú ag an Údarás Scoile atá ag cur isteach ar Chabhairdheontas um Oibreacha Éigeandála

Bailíochtú an **Iarratais** – Má thugann tú an freagra **Níl** ar cheist ar bith díobh seo, beidh d'iarratas neamhbhailí agus ní dhéanfar é a chur san áireamh a thuilleadh.

	Tá	**Níl**
An bhfuil an tionscadal laistigh de scóip na Scéime um Oibreacha Éigeandála? (Is é is ábhar éigeandála ann ná ceann a chuireann i mbaol, ar an toirt, sláinte, beatha, sealúchas nó imshaol. Tarlaíonn sé go tobann gan súil leis agus caithfear déileáil leis ar an toirt. Mura ndéanfar é a cheartú i gcás scoile, chuirfeadh sé cosc le oscailt na scoile, nó cuid di).		
Is féidir go mbeadh ar an scoil, nó cuid di, dúnadh nó go mbeadh uirthi dúnadh sa gharthodhchaí má theiptear ar oibreacha éigeandála a chur i gcrích. (Ní bhaineann a leithéid i gcás na n-iarratas chun áiseanna a sholáthar do dhaltaí um riachtanais speisialta)		
An cabhairdheontas a iarrfar, is é an t-íosmhéid é a bheidh ag teastáil chun an fhadhb láithreach a réiteach. (i.e. an píopa briste a dheisiú, an coire a athlonnú nó an díon damáistithe a dheisiú)		
An cistiú a iarrfar, ní bhainfear feidhm as chun cur leis an deaontas atá ceadaithe cheana féin faoi Scéim eile de chuid na Roinne.		
An bhfuil na cáilíochtaí cuí ag an gComhairleoir nó an		

bhfuil árachas cuí bainte amach aige/aice don tionscadal ar leith? (féach Aguisín A den Imlitir 0018/2011)		
Maidir leis na hiarratais chun déileáil le cuimsiú agus rochtain do dhaltaí um riachtanais speisialta, ar rinneadh an cáipéisiú tacaíochta, mar ar breacrianadh in Aguisín B den Imlitir 0018/2011 a ghreamú don iarratas?		
Ar rinneadh tuarascáil an Chomhairleora a chomhlánú go hiomlán agus go beacht chun na mionsonraí a chuimsiú maidir leis na hoibreacha is lú a bheadh ag teastáil chun an fhadhb láithreach a réiteach?		
An bhfuil an fhianaise ghrianghrafach shainordaitheach greamaithe ag an gComhairleoir?		
An bhfuil an t-iarratas sínithe ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta nó ag an POF (mar is cuí)?		

Mír 3 – Tionscadal um Bheagscála

Le comhlánú ag Comhairleoir cáilithe cuí chun iarratas ar chistiú a thacú le haghaidh Oibreacha Éigeandála

Roimh an tuarascáil seo a chomhlánú, moltar do Chomhairleoirí na nótai treoracha do Chomhairleoirí a léamh atá ar fáil in Aguisín A den Imlitir 0018/2011.

Ní dhéanfar a bhailíochtú ach na hiarratais sin a mbeidh tacaíocht ag dul leo ó Chomhairleoir cáilithe. Tá liosta de cháilíochtaí a bhaineann le oibreacha ar leith ar fáil in Aguisín A den Imlitir 0018/2011. Níl an liosta sin uileghabhálach.

Is *sainordaithe* í fianaise ghrianghrafach den réigiún i gceist.

Beidh an cinneadh ar an iarratas seo bunaithe ar an bhfianaise a sholáthrófar ar an bhfoirm seo agus uirthi sin amháin.

Dá bhrí sin, ní gá don Chomhairleoir tuarascáil scríofa sa bhreis a chur i láthair. Na táillí a ghearrfar, ba chóir go ndéanfadh siad a leithéid a fhrithchaitheamh.

Tuarascáil an Chomhairleora

Mionsonraí an Tionscadail

1. Déan cur síos ar ar an gcuid (ar na codanna) sin den fhoirgneamh a mbeidh an tionscadal molta ag teastáil ina leith Bíodh san áireamh, más cuí, na mionsonraí i gcás an líon seomraí i gceist mar aon le méid nó achar an fhoirgnimh i gceist etc.

2. Déan míniú iomlán a sholáthar mar aon le grianghraif thacaíochta ar chineál agus méid an lochta (na lochtanna) .

3. Cathain a rinneadh an chuid dhamáisteach (na codanna damáisteacha)) sin den fhoirgneamh a ionadú den uair dheireanach nó oibreacha feabhsaithe curtha i gcrích ina leith? Ba chóir tuairisc ar na hoibreacha feabhsaithe a rinneadh cheana, más cui, a chuimsiú.

6. Breacrianaigh na hoibreacha is lú is gá a chur i gcrích chun a dheimhniú go mbeidh an scoil in ann leanúint feidhmiú.

4. Cén fhianaise atá ann gur éifeachtach é an clár cothabhála don réigiún damáisteach (do na réigiúin damáisteacha)?

_____

_____

_____

_____

5. I do thuairim, cad é an tionchar a bheidh ar an scoil mura ndéanfar na hoibreacha molta a cur i gcrích?

_____

_____

_____

_____

CBLRéadúil costas na n-oibreacha molta san áireamh (gan táillí faoi iamh)	**Na táillí don rogha seo**	**Creatlach ama i seachtainí don chur i gcrích**		
		Dearadh	**Tógáil**	**Iomlán**

Sínithe: _____ Cáilíocht: _____

Ainm an Chomhlachta _____

Mionsonraí an Árachais um Shlánaíocht Ghairmiúil mar aon leis an Árachas um Dhliteanas Fostóra (Na chruachóipeanna le coinneáil ag an Údarás Scoile):

_____

_____

Seoladh an Chomhlachta:

_____

_____

Teileafón: _____

Rphost: _____

Stampa an Chomhlachta:-

Mír 4-

Dearbhú agus Deimhniú Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta nó an POF

Admhaím:-

- go bhfuilim eolach ar na téarmaí agus ar na coinníollacha a bhaineann leis an Scéim um Oibreacha Éigeandála agus tá mé sásta cloí leo.

- go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhoirm iarratais seo fíor agus iomlán ar feadh m'eolais agus mo thuisceana.

- gur rinneadh na nósanna imeachta tairisceana agus soláthair a fheidhmiú i gceart chun críche Thuarascáil an Chomhairleora a fháil agus go ndéanfar na nósanna imeachta tairisceana agus soláthair a fheidhmiú i gceart sa chás go mbeadh ár n-iarratas rathúil.

- go nglacfar leis go mbeidh an fhreagracht, as cur i bhfeidhm an tionscadail i gceart, tiomnaithe ar an mBord Bainistíochta, sa chás go mbeidh an t-iarratas rathúil.

- go mbainfear feidhm as pé cistiú a cheadófar chun críche na haidhmeanna comhaontaithe agus chun críche iad san amháin agus nach gceadófar iad a fheidhmiú chun cistiú atá ann a ionadú.

- má éiríonn leis an iarratas seo, go ndéanfar an infheistiú ina dhiaidh sin a dhaingniú go dlithiúil.

- má dhéantar costais a athghabháil ó chomhlacht árachais, aontaíonn an t-údarás scoile a leithéid de chostas a chúiteamh don Roinn.

Dearbhaim:

- go bhfuil ceadú scríofa foirmiúil faighte agam ón bPátrún le haghaidh an iarratais seo

- go ndéantar gach réigiún atá cuimsithe san iarratas seo a fheidhmiú ag an scoil agus nach bhfuilid ar fho-léas do threaspháirtí.

- nár rinneadh iarratais eile a chur i láthair ar ár son ag scoileanna eile ar an gcampás.

- go bhfuil an Bord Bainistíochta toilteanach go bhféadfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna, nó a cuid gníomhaithe, monatóireacht a dhéanamh ar an tionscadal agus go gceadófar rochtain ar áitribh agus ar chroinicí, de réir mar is gá, chun críche sin.

- Go ndéanfaidh an scoil, mura bhfuil sé déanta aice cheana féin, síniú ar láithreán gréasáin eolaíochta na Roinne, www.energyeducation.ie agus sonraí fuinnimh a chur i láthair le haghaidh bhlianta sa todhchaí via an próiseas Léirithe um Dhearbhú Fuinnimh (*DEC*).

Síniú Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta / POF (más cuí):

Sínithe: _____

Acmhainn: _____

Dáta: _____

Official Use Only

Emergency Works Scheme

Invalid

Project outside the scope of the Scheme	
Consultant not properly qualified/insured	
Consultant's report not properly completed	
Mandatory photographic evidence not provided	
Application not signed by Chairperson, Board of Management/CEO	

Unapproved

Desirable not necessary	
Maintenance Issue	
Other (Please specify)	

Approved

Project category/priority		
Project VAT inclusive cost	**Fees (incl. VAT)**	**Total project cost (incl. VAT and Fees)**

Recommended by	
Approved by	

Note